35. *Ciondas is aithnidh dhuitſin?*

Is aithnidh dhamh é an mhéd gurab gus na trí hoificibhſe ata an Scrioptur agnathughadh ongtha: arís ata ſe ag tabhairt na dhtriſe adubhrámar go minic do Chrioſd.

36. *Achd creud an gné ola ler hongadh é?*

Nir le hola ſhaicſeanigh mhecſamhla do bhi arna cur do coiſreacadh na ſean rioghradh ſagart, & phaitheadh achd le hola do bhfearr: aghon, le tioghlacaibh an ſpiorad naomh neoch is fírinde do n'ongadh ata muigh.

37. *Achd creud an rioghachtſa ar a bhfuil tu a comhluadh?*

Rioghacht ſpioratalta neoch ata arna comhchongmhail le focal, & le ſpiorad Dé neoch do bher jondracus, & beatha maille leó.

38. *Agas creúd éa ſhagartacht?*

Is oific, & is vrraime é ſén do thaisbeanadh abhfjadhnaiſe Dé do choſnadh, & dhfaghail graſa, & fobhair d'uinn, & do ſhiothchanughadh a ſerge le hoſrail na hiodhbarta budh toileamhail les.

39. *Nois cia an seadh le ngoireand tu Phait do Chriosd?*

Arson an tan tanaic se anuás isin domhan do adjmh se é sén do bheth ina theachtair, & ina reachtair, a Athar a measg daoine, & a'ní sin do bheth do chum na críche úd dés toil an Athair d'foillseochadh dô, go comhlán, go gcuirseadh se dereadh ar gach vile Phajtheadarachta.

40. *Achd an bhfuil tú ag airiughad tarba arbioth dibhsin?*

Atajm: ojr ni bheanjd na nethese ujle re ní ele, acht re'r dtarbhajne, & re'r majth:oir do thighlaj ceadh na nethese do Criosd o Athajr sén, da gcomaojncohadh, & da gcomhpartughadh rinde, jondas go m'bjmjs uile ag tarraing as a lionmhureachtson.

41. *Cuir agcéll a'níse dhamh beaganni'issoillere na marsin?*

Do lionadh e les an Spjorad naomh,& tugadh dójna mormheallajbh sajbhreas fojrse a uile thioghlajccadhson, da dtabhajrt, & da dtjoghlacadh dhujnn,aghon da gach aon fo leth do re'r an mhjosujr, js aithnidh do na'thair do theact rinde, & do bheth jomchubhaidh dhuinn,jondas go bsujlmid ag tarraing as an tsaibhreassin (amhail as en tobar)gach uile mbaith Spioradalta ata againd.

42. *Creud an tarbtha ata a rioghacht do thabhairt chugaind?*

Ata,umaro, dés ar dtabhartha le dheaghmhaitheas do chum saorse chonsasa do theacht adtír

go

go diadha naomhtha, & dés ar gcúmdaigh, & ar gcludaigh le shaibhreasaibh Spioradaltason, ata cumhachta fos d'édeagh umaind neoch shoghnas, & is lór dúinn do bhreth buadha, & uachtaranachta ar gnathnaímhdibh ar n'anmand ar an bpeacadh ar an seoil ar Shatan, & ar an saoghal.

43. *Acht cia d'an dtarbhach a shagartacht.*

Cuige so, ar son gurab ar an gcorsa ata se ina aidne dhúinn neoch ata ag denamh ar siothchana, & ar rêtigh ris an athair: ina dhiaidh sin gurab thríson ata entreas, & dul isteah shoscaoilte againd gosoich an'athair, jondas go dtíseam sén ina shiadhnaise le dochus, & go bhsúraileam sind sén, & ar n'uile ní ina n'iodhairt air, & mar sin ata se ag'ar ndénamh inar gcomhlucht parta, & inar gcompanacaibh ar ashagartacht sen ar chor égin.

44. *Ata a phaithedoracht gan ragha?*

An tan tugadh do mhac Dé dréacht, & tioghlacadh abheth jna mhaighistir ar adhaojnibh sén, is é is crioch dó so esean da shoillseochadh le fior eolus a athair, da dteagasg isin shírinde, & da ndénamh jna ndescioblaibh teaghlaig Dé.

45. *Maseadh tegid na huile dar labhrais go soich so go gcomchonghmand ainm Crioshd and sén natri hoificeadha tug an tathair da mhac, do chum go ndoirteand sé ambhriodh, & a dtoradh ar a dhaoinibh sén?* Tegaid mar sin.

DOMH. 7.

46. *Creud fa ngoireand tu do mhac Dé aonghen an mhéd gurab fiu, & gurab airidhe le Dia sind vile ar an gairmse maraón?*

Ni do thaobh naduíre atâ aghaind gurab cland do DHIA sind, achd do thaobh macacht ochta, & graſ d'èn chuid, an mhed gurab fiú leſ ar mhbeth aige iſin áitſin, achd an tighearna joſa neoch do coimpreadh, & do gheneadh do ſhubſtaint an Athair, & ata d'en naduire ris an Ahtair, is rolaghamhail ghoirthear aon mhac Dè de, an mhed gurab e ina aonar ata mar ſin do thaobhnaduíre.

47. *Maſeadh ata tû ag tuigſe gurab leaſonan onoir airidhſe atu dfiachaibh aige amuigh do rer lagha na naduire: achd gurab and do chomaoinaigheas ſe rinde í: an mhèd gurab ſinde a bhoill?*

Ataim cheana: & is le féchain an chomaoinghe ſin aderthar rioſan an'aít égin an phrimhghen ameſg mórain bráthair.

48. *Ciondas thuigeas tû gurab é ar dtighearnaine é?*

Ar ſon amhail do hordhaigheadh ê le Athair d'ar mbethne ajge fa impeirdhacht ſén, do chum go bhfritheileadh, & go bhfreaſtaileadh ſé rioghacht Dé ar Neamh, & ar talamh, & go mbjadh ſé jna cheánd na n'daoine geredeamhnacha, & na n'Aingeal.

49. *Creud é ſeadh a'neith ata ag leanmhuin?*

Ata ſe foillſiughadh, & ag lergheadh an mhodha ar ar hongadh an mac le Athair, jondas go m'biadh ſe jna ſhlanaightheoir dhuinne-umaro, ar gabhail dó ar bhfeolaidhne ujme, gur chriochnaighe ſe jnte na neche ſin uile do binfeadhma dar ſlanughadhne amhail ataid arna n'aithris and ſo. 50. *Creud*

50. *Creud is ſeadh dhuit les an dá ſhentenſaſa a choimpert on Spiorad Naomh, & a bhreth le Murie Oígh?*

Gur ſhoirmeadh é ambroind na hóige da ſubſtaintſe, do chum go mbíadh ſé ina ſhiol fíri Dhavidh, amhail do re raigheadh le Phaitheadorhacht na bphaitheadh, & gidheadh, gur hoirbigheadh ſin le neart, & le bridh jongántaigh ſhécrede an Spiorad Naomh, gan chomand, no chomhchaidreamh fir.

51. *Maſeadh ané gur bhinfeadhma é do chur ar bfeolaidhne vimé?*

Do bſeadh ar gach aon chor: oír do b'jomchubhaidh, & dó b'égin an eſumhla do rindeadh les an'duine an'aghaidh Dé, do ghlanadh, & do ſhiothchanachadh anadúir an'duine mharáon, & nj mó ar chor ele do ſhédſadh ſé a bheth ina aidhne dhuinn: do dhenamh, & do chriochnughadh réte Dé, & daoine.

52. *Ader tu maſeadh gur b'égin Crioſt do bheth ina dhuine, do chum go gcoimlionadh ſé (mar udheadh inar bpearſainde uile chotcha ar ſlanaigene.*

Is amhlaidh ſin thuigim: oir is egin dhúinne gach en ní ata d'easbhaidh oraind inar bhfochair fén do ghabail anſaſacht uaidhſon a'ní nach budh ſhedir a dhenam ar chor ele.

53. *Creud far chorichnaigheadh ſin les an Spiorad naomh, agas nach táoſca is le modh gna taidh geinalaig?*

Ar ſon go bfuil an ſiol daona uile thruaillighe do budh jomchubhaidh oibriughadh an Spiorad

No omh

Noomh do dul eatorra anghenemhain mhic Dé jondas nachsailedhchaighte éles an tsalcarsa ach gombhiadh gloine ro shoirse aige.

54. *Masead atamaid ag foghlum as so gurab égin a'neoch ata ag naomhthadh d'haoine cle abheth fen saor o n'uilesal, & gur b'égin dó ghloine (amhnil aderaind) tosaigh do bheth aige o bhroind amhathar do chum go m'biadh sé uile naomhtha do Dhia gan abheth arna shalchadh le sal arbioth an chinigh dhaonan?*

Is amlaidh sin sen thuigim. S. Domh.

55. *Creud fa lémeand tu thairis go lúath ó aimsir bhrethe Croíst do chum abháis, agfágbhail eache tra a'uile bheathadh addhiaidh.*

Ar son nach fuilid nethe ar bioth arna lamhughadh and so, ach nethe bheanas comhairidhe rer slaunghadne, jondas go gcomhchongmhand siad ar chor egin jonta sen a shubstainte.

56. *Creud nach abair tu gon timchiol d'en fhocal gur ég sé, acht atatú acur les sin maraon anma an ghuibhearnoir shar sulaing sé an pháis?*

Ata sin ag fearadh, nj he amhajn do dhaingniughadh na heachtra, ach fos do chum go dtujgmis a bháson do bheth abhfochair achele, & dhamnadh.

57. *Cuir sios, & minigh so in is soillere ina mur sin?*

Do suajr se bás dsulang, & do dhiol na péne do dlighead dhínne & ar an gcorsa dhar sooradh uaithe, & ar mbeth dhúinne (amhail atamaid uile jnar bhpeacahaibh) ciontach, & sooi bhre-

amhnas

amhnas Dé do chum go ndeacadh sé fnar n'aitne do bail les é fen do thais-beanadh a bhfjadhnaíse breatheamhain Thalmaidhe, & adhamnadh le bheulfon d'ar Mbethne fuafcoojlte, & dar legean fa fcaoil abhfjadnaíshe nimchathrach bretheamhnais Dé.

58. *Acht do ardlabhair & tug Pilatus amhail cert a bheth nemhchiontach, & uime fin nir damhain sé e mar chiontach, & fear dheanta uilc?*

Is jntuicte an taon oile :oir is sé adbhar as adtug an breatheamh fjadhnaíse a nemhchiontaighe amach do chum gomadh lan follas nach do chionta mhituillteanafa fen, acht ar fon ar lochtne do buailеadh e, & gidheadh do rer anofa ghnathaighe do dhamhnadh e ifin am fin fen le ragha, & le fentens an bhretheamhain chedna do chum gomadh follus a dhul fan mbhreatheamhnas, do bhamairne do thuilleadh, amhaill ar n'urra do chum go faoradh, & go dteas argadh fe find on phecadh, & on mhallchadh.

59. *Maith adubhradh: oir damadh peacach é ni budh rádh dhiongmhalta e do diol pene, & peandaide peacaidh dhuine ele, gideadh do chum go rachadh a damnadhfon dhuinne go fior fhuafgladh do b'égina aireamh Ameasg lochta deanta uilc.*

Is am laidh fin thuigimfe. 9. Domh.

60. *AN mhéd do chéfdadh é; an mó an fpés, & an tabhacht, ata aige ina gomadh gné le bháis choitchiond do ghebhadh fé?*

Is mó choidhche :amhail ata Pól maraon ag rabhairt rabhaidh uaidhe, ag fcriobha dh gur chrochadh

rochadh é agcránd; do chum ar gcurfaidhne do ghabhai ar fén dar bhfuafghladh uaidhe: oir do bhi an gné bháis úd arna damnadh le mallachadh.

61. - *C'reud? ane nach gcuirthear a fcandail ar mac Dé an tan aderear go roibhe fé faoi mhallachadh; & fos abhfiadhnaife Dé?*

Ni cuirthear feaft. Oir agabail an mhallaighe fin ar fén do chuir as, & do nemhf-nigh fé é, & nir fcuir fé ifin nam fin fen da bheth beandaighe do chum go lan lionadh fe finde le bheandaceadh fén.

62. *Lean romhad?*

An mhèd gur dioghaltus an bás do cuireadh ar an duine ar fcáth peacadh do f-huilaing, & do iomachair Mac Dé é, & le fulaing rug buaidh, & vachtaranecht air, & do chum gomadh fearde do fhoillfeochadh fé go bfhuair fé bás firindeach do bail les, & do chondcus dó a chur abfiort a modh coitcheand daoine ele.

63. *Achd ni faicfuithar tarbha arbioth do theacht chugaind Chriofd do bhreth na buadhafa, an med nach loigheide atamaid ag dul d'ég?*

Ni bfhuil fin ag bacadh anadhbhair: oir ni ní ele an bás anois do na daoinibh credeamhnacha, acht dul tairis gus'an mbeathaidh is fearr.

64. *Ata ag leanmhain de fonach ionbhethe naimhneach reanbhás ni is mó inar um eaglach é: achd gurab mhó is ion leanta dhuind ar gceandfeadhna Criofd le hindtind nemhvanshnaigh, neoch amhail nar chlaoidheadh, & nar milleadh*

trés

trés an mbás is amhlaidh sin mar an gcedna nach fuileongaidh sé sindé do chlaoi les?

Is amhlaidh sin sén is indeanta dhuín.

DOM. 10.

65. *ANí do cuircaidh les adtimchiol adul siós anisreand creud an seadh atá aige?*

Gur shuilaing sé ni he amhain an bás coitcheand deallughadh anamna ris angcorp, achd gur shulaing sé maraon crágh cumhgach, & doilgheas an bhais amhail ader *Peadar*: & les an shocalsa atam ag tuigse na gcumhgach vamhnach les gcumhgaigheadh, & comhchrepadh a anam.

66. *Indis damh adhbhar anechse, & an modh arar fulaing Crioso an bás?*

Bhrigh, arna thaisbeanadh sén dhó abhfiadhnaise Chathrach bhreatheamhnaise Dé do dhénamh dioghluidheacht ar scáath peacach do bégin a choinsias do dhochrughadh les angcumgachsa amhail do bhiadh sé ar na thrégeand O DHIA, & ni is mo, amhail do bhiadh se abhferg ris is na cumhgachaibhse do bi se an tan do ardéigh se do chum Athar mo DHIA sein, mo DHIA sein creud sar thrégis mé.

67. *Ané go raibh an t'athair á bhferge ris?*

Ni raibhe choidhche ach do imir sé an ghairbhese jna aghaidh, & an aimhdeanas jondas go gcoimhlionta aní adubhradh roimhe le *Hesaias* gur buaileadh é le laimh Dé, ar son ar bpeacadhne, & gur loiteadh é ar son ar naiondhracais.

68. *Achd ar mbheth dhó jna dhia ciondas do fhédfadh sé abheth arna chriothnughadh, & arna garbhghlacadh le leithed sin déagla, amhail do bheradh Dia cul ris?*

Is mar so is jntuicte é gurab do rer adhaonachta tugadh do chum an'égentaise é, & jondas go n'deantaoi sin, do bhi adhiadhacht isin ám sin fein absolach, aghon, ni raibhe si ag nochtadh a chumhacht fein.

69. *Achd ciondas aris fhédas sin abheth, Cbriosd neoch budh shlainte don domhain do bheth fa ndamnadhsa?*

Ni deachaidh sé amhlaidh shaoi, jondas go n'ansadh sé saoi: oir is amhlaidh sin do gharbhghlacadh é les na huamhnaibh sin adubhradh, jondas nar claoigheadh é leo: acht is mó ar mbeth dho a cruaidh charuidheacht, & a cruaidhghlec re neart ifreand, do chlaoi, do bhris, & do soledair é.

70. *Atámaid ag tionol as so an t'eadardhealughadh ata edir an phian chinsiasa do fhuilaing Criosd, & an phian le bpiantar na peaccaigh ar a bfuil lámh sheargach Dé ag jmirt dioghaltais: oir aní do bhi dhosan ré seal ata sé dóibhsan Suthain, & aní do bi dhosan ar scath bhear dha bhrádadh ata sé dhoibhsan jna chlaoidheamh marbhthach (amhail aderaind) jna chlaoidheamh do chiorrfaidh a gcroidheadh?*

Is amhlaidh sin a:a: oir ár mbeth do Mhac Dé arna thimchiolachadh isna cumhgacaibhse dir, fuair sé do dhenamh dochais as athair, ach

peacaigh

peacaigh arna ndamnadh le cert bhreatheamhnas DE, tuitsaidh aneamhdhochus, béc said ina agaidh, & lingsaidh amach dho thabhairt scandaile thollais dó.

DOMHNACH. II.

71. *NAch fédmaid ataraing, & a fhásgadh as so créud an toradh ataid na daoine credeamhnacha dfhaguil do bhas Chriosd?*

Fedmaid cheana, & ar tús do chiamaid go demhin gurab jodhbairt é lerghlan sé ar bpeacaidh abfiadhnaise DE, & marsin désferge Dé rind do rethughudh rug sind abfhobhair, & angrásа maille ris, ina dhiaidh so gur nighe afhuil (le glantar ar nanmanda) sind o nuile shalchar: sadh eoidh gur cuireadh ar gcul cuimhne ar n'uile pheacadh, jondas nach dtigid seast abfiadhnaise Dé, & mar sin go raibhe an lamhscriobtha le roibhamar ceangailte arna chur as.

72. *Ané do thuilleadh nach dtabhair sé maóin do bhárr tarbha chugand?*

Do bher cheana. Oir le dheaghthioglacadhson (ma sind go demhin boillsfhrifi Chriost) ata ar sean duine, aghaon an peacadh agacheasadh, ata corpan pheacaidh aga chur aneamhfini, jondas nach bjaidh uachtaranacht ni ismó ag anmhianaibh na feola jondaind.

73. *Erig ar haghaidh isna helib?*

Ata ag leanmhain gur érighsé sén an treas la o mharbhaibh do chum go nochsadh sé é sén do breth buadha ar an bpeacadh, & ar anmbas: oir le eserige do shluig siós an bhas do bhris

O chéle cuibhrighe annaigh, bhearsoira, & tug go nemhsní a uile chumacht.

74. *Ca méd toraidh atá ag teacht chugaind trés an eserigse?*

Atri: oir trithese ata firentacht arna chosnadh dhuínn ata sí jua comharrdha, & ina geall dearbhtha arar neamhtbrnaillaidheacht, & atamaid anois sén arar ndusgadh suas le bridh a esérghesón go naoidheacht beathadh, do chum le teacht adtir go glan naomhtha go mbimisumhal dathoil.

DOMH. 12.

75. *Leanhmaid na fuighil?*

Do chuaidh se suas ar neamh.

76. *Acht an amhail do chuaidh sé suas ar neamh, jondas nach bfhuil se ní is mó ar talamh?*

Is amhlaidh. Oir dés dó na n'uile do hearbadh ris, & do chureadh air O n'aithair, & sos do bha inseadhma dar slánughadhne, do chriochnughadh, ni raibh sedhm ar bioth bheth ar an talamhsa nj budh sia.

77. *Creud an maith do ghébheam don dul suasa?*

Do ghebham maith, & toradh dupalta: oir an méd gurab jnar lethne, & arar son do chuaidh Chriosd isdeach ar neamh, amail is arar seath tanaic se anuas ar talmhain, do rinde sé éntreas fhosgailte dhuínne maraon gosoich an'ait sin, do chum go mbiadh an doras sin anois fosaoilte dhuinne, neoc do bhi rhoimhe jata trid an bpeachadh arís ata sé do lathair aga thaisbeanadh sén abhadhnaise De ar at soindne ina theachtaire,

achtaire, ina aidne, & ina phatrun.

78. *Achd a'ndeachaidh Crioſd amhlaidh vaind agá bhréth fén ſuas ar neamh. joudas gur ſcuir ſé anois da bheth maille rind?*

Ni deachaidh choidhche, oir go contrartha do gheall ſé abheth fein maille rind go dereadh an tſáoghail.

79. *Achd an med go bſuil ſé ag aitreabh maille rind in a dtimchiol alátharrdacht corporidha is jontuicte é?*

Ni headh: oir is ní ele labhairt adtimchiol an chuirprugadh ſuas ar neamh, & ris ar gabhadh ſuas ar neamh, & na gcumhachta ata arna geraobhſcaoileadh in gach vile aít.

80. *Creud an ſeadh n'abair tu a bheth jna ſhuidhehr des Dé athar?*

Is é ſeadh na bfocalſa an t'athair do thabhairt vachtaranacht nimhe, & talmhain dó, do chum go nguibhernoraigheadh ſé an'uile

81. *Achd creud ſhigneobhas duit an deſlamh, & créud an ſuidheſo?*

Is coſamhlach é arnabhreth, & arnaghabheil an'iaſacht O Phriondſadhaibh talmhaidhe, neoch danab gnáth na daoine da dtaobhand ſiad an'aít do ſhuidhiughadh ar an'deaſlaim.

82. *Máſeadh ni fhuil tu ag tuigſe nech ele, achta nech ader* Pol gur *hordaigheadh* CRIOSD *jna cheand na Heaglaiſe gur tógbhadh ſuas anairde é os ciond gach vile vachtaranachta, & Phriondſipaltachta, & go bfuair ſé ainm os ciond gachvile anma?*

Is

Is amhlaidh ata, & ader ſu.

DOMHNAC. 13.

83. *Luaiſeam thairis gus na nechibh ele?* GAs ſin thiocfas do bhreth brethe ar bheodhiabh, ar mharbhaibh na focail da ſeadh, go dtiocfa ſé go follas dobharr nimhe do bhreth breatheamhnais ar an gcruinde, amhail do condarcus go follus é ag dull ſuas.

84. *An mhédh nach biáidh lá an bhreatheamhnais ré ndereadh an tſaoghail ciondas adertúi go mbia cuid égin do na daoinibh béo ino ar marthain and ſin, ar bfaicſin go bfuil cumtha ordaighthe dona daoinibh én'uair dul d'ég?*

Ata Pól ag ſuaſgladh na ceiſtheſe an tan ader ſé an lion bheas béo, no ar marthain d'athnuadhughadh le luath chlaochlodh, do chum jar dula neamhbrídh, & as do chruaillaidheacht na feola, go gcuirfadh ſiad úmpa a'neamhthruaill aidheacht.

85. *Maſeadh ata tú ag tuigſe an chlaochloidhſe do bheth dhoibh a riocht, & ar ſon báis, an mhed go mbhiádh ſé ina chur as, jno argcul na céd nadúire, & ina thoſach na naduire nacidhe ele?*

Is amhlaidh ſin chuigim.

16. *Abfuilied ar gcoinſiaſane a gabail comhfhurtacht no garrdighe as ſin, eghon mbiaidh* CRIOSD *én vair jna bhretheamh an domhain?*

Ataid go demhin agabhail gairdighe ro oi irdhere gan choimeas: oirata dherbhfios againd nach dtiocfa ſé, ach do chum ar ſlanaighne.

87 *Maſeadh*

87. *Maſeadh ni hion bhethe dhuínne naimhneach ar ciond an bhreatheamhnais, jondas go gcuireand ſé eagla oraind?*

ni hion bheith choidhche, an mheud nach ſeaſam, acht abfiadhnaiſi Cathrach bhreitheamhnais an bhretheamh ſin, atana aidhne, & ina Phatrun duínn, & do ghabh chuige ſind ina ſhirinde, & ina anacul fein.

DOMH. 14.

88. *Eagam anois go ſoich an treas cuid?*

Ata an chuid ſin adtimchiol an chredimh iſin Spiorad naomh.

89. *Agas creud ata ſi do thabhairt chugaind?*

Is ris ſo bheanas ſi, jondas go dtuigeam, & go mbiadh af hios againd, amhail do cheandaigh, do ſhaor, & do theaſairc DIA ſind trés an Mac, gurab amhlaidh ſin ata ſe agar ndénamh comhaibel comhchumhachdach, & araniaid do ghabhail an tſaortha, & an tſlanaigheſe trés an Spiorad.

90. *Ciondas?*

Amhail ata glanadh againd abſuil Chrioſt: is amhlaidh ſin is égin trés an Spiorad naomh ar ghcoſnſiaſne do bheth ar na gcumailt lé, & abethſe ar na crathadh orra, jondas go nglantaoi jád.

91. *Ata vaidhe ſo, & duireasbhiudh air, minighthe nj is ſoillere jna ſo?*

Tuigim gurab é Spiorad Dé, angcên aitreobhchas ſe jnar gcroidhne do ni & do bher oraind, ſondas go mothuigheam bridh Chriord: oir is le ſoilliochadh an Spiorad naomh, do

nichear

nithear, jondas go gcomhthuigeam tioghlaice Chriosd is le bhrostughadh comhairle, & persuasion do nithear, jondas go nardsheloighthear jad inar gcroidhibh sadheoidh is esean amhain do bher dhoibh jonad jondaaind, ata agar n'athbhreth, & do ní gurab creatúre nuaidhe sind: vime sin na huile shurailtear tairgthear, & do bhearthar dhuínn agcriosd, is le neart an Spiorad naomh ghabhmaid iad.

DOMHNAC. 15.

92. *Luaiseam romhaind?*

Ata an ceathrugh cuid ag leanmhuin iña n'admhamaid go gcredmid én caglais naomhtha do bheth and.

93. *Cr'end is aiglais and?*

Corp agas comand na ndaoine credeamhnacha, neoch do roimhórdeigh Dia gus anmbeathaidh shuthain.

94. *Ané go bfuil an ceandsa égeantaeh re credeamhajn maraon.*

Ata cheana muna báil lind bás chriosd do dhenamh diombaoin, & gan ípes do bheth do gach sí do labhradh go ntrasta; oir is é so bridh na n'uile go bfuil eaglais and.

95. *Maseadh ata tú tuigse gur lamhaigheadh cheana ughdair, no adbair an tsánaighe, & gur nochtadh afhuudament ar mbhetduit a cur sios gur le toilteanas, & le haidhneas: Criosd do ghabhadh sind a'ngrás le Déa, & gurab le bridh an Spiorad Naomh dhaingnithear an gráfasa jondaind: sllanois go bfuil an'uile bhriodh so ar*

na

na bfoſgladh, do chum gomadh demhnighthe da riribh do bhiadh an creidimh ar na fhoillſeochadh?

Atam, & is amhlaidh ſin ata an tadhbhar.

96. Achd, creud an ſeadh le naimhaighe and tu an eaglais do bheth naomhtha?

An med, umaro, do thogh DIA atá ſé aga bfhirèuughadh, & aga nathchuma, no aga nath fhoirmeadh anaomhdhacht, & anemhchiontaighe beathadh, jondas go ndealraigheadh aghlóir ſén jonta; & is é ſo aní is ail le Pól ag tabhairt raibhthe vaidhe, gur naomh CRIOSD an'eaglais do cheanaigh, & do theaſraic ſe, do chum go mbhiadh ſí glóireamhail, & glan ó gach vile ſhalchar.

97. Creud is ſeadh depithet no dfocal na heaglaiſe Catholica no ceitchiond?

Teagaiſgthear ſind leis ſin, amail ata én cheand no n'uile chredeamhnacha and, gurab amhlaidh ſin is égin do n'uile comhfhas anen chorp, do chum go mbiadh én Eaglais tríd an gcruinde vile, ar na craobhſcaoileadh gan mbharr.

98. Achd, creud an tabhacht ata and ſúd do cuireadh les go haithghearr adtimchiol comaoinighe na naomh?

Is vime do cuireadh ſo ſiós d'ſoill ſiughadh ní is ſoillere na haonachta, & an comaoinighe ata edir ballaibh na Heáglaiſe: cuirthear agcéill maraon gach tioghlacadh da dtug DIA da Eaglais, go mbeanadh ſiád re maith choitchind na n'uile, an mbéd go bfuil vile ata comaoineachadh comaontadhach comghealach.

DOMHNAC. 16.

99. *Chd an bfhuil a naomhtachtaſa ata tu do thabhairt do Neaglais anois forſe?*

Ni fhuil fos umaro, an gcéin bhias í a cathughadh is in domhanſa: oír ata ſí do ghnáth anmhfhand vireasbhuidh, & ni glantar vile í feaſt ó fhuighlibh lochta, jno go raibhe ſí ag lan leanmhuin re ceand CRIOST, ó naomhthair í.

100. *Ané fós nach bfhédir an eaglaiſe d'aithne ar chor ele acht an vair credthear í le dochus?*

Ata Eaglais DE faicſeanach and go demhin, neoch do chuir ſé fein ſiós dúinn le dearbh chomhairdhaibh, & le notaibh, acht is ar comhthionol na ndaoine gcredeamhnacha tictheár and ſo go hairidhe, neoch do thogh ſé le chomhairle dhiamhair ſén dó chum ſlanaighe, & ni fhaicthear an Eaglaiſe do ghnáth le ſúilibh, & ni mó aithneochar le comhairdhaibh í.

101. *Creud leanas jna dhiáidh ſo?*

Credim maitheamhnas na bpeacadh.

102. *Creud an ſeadh ata dhuit abfhocal an mhaitheamhnais?*

Go bfuil DIA da ſhaor mhaitheamhnas ſein ag luidheachtughadh, & ag maitheamh abpeacadh dona daoinibh credeamnacha, ſuil goirthar ambreatheamhnas jád, no ſuile bhearthar, & ghabhthar dioghaltas dhibh.

103. *Ata ag leanmhuin dhe ſo, nach ler ndioghluidheaet ſén atamaid agtuilleadh maitheamhnais na bpeacadh, atamaid dfaghail on tighearna?*

Ata

Ata go firindeach: oír is é CRIOSD ina aonar (ag joc an dioghaltais) do rinde dioluidheacht: an mhéd bheanas rinde, ni fuil coimhleasughadh arh biorh againd do bhermais do Dhía, achd is da fhior Phailteas fein atamaid ag taghail an tioghlacaidh shaoirse.

104. *Creud fa bfaoigheand tu maitheamhnas na bpeacadh ris aneaglais?*

Ar son nach fajgheand dujne ar bioth é muna raibhe sé ar tús ar na chomhaonughadh; aghon arna cómhthilughadh, & arna comhsfhnaidhmeadh ré Phobal Dé, & muna coímedaidh sé anaonachtsa go marthanach go dereadh abheathadh re corp Chrioſd, & ar an modh sin sé dfoillsiughadh abheth sén jna bhall firindeach do n'eaglais.

105. *Ata tu ag fuidhinghadh ar angcorsa nach fhuil ach damnadh futhain, & scrios leth muigh do neaglais?*

Ata [illegible]oidhche: oír ge bé ar bioth jad do dea[illegible]lughadh ré corp Chrioſd, & ata ngearradh as an aonachtsa le faobh chredeam, ata gach vile dhochas slanaigh arnagearradh uathadh an gcion anas fiad jnalethed sin do dheallughadh.

DOMHNAC. 17.

106. *Ithris abhfuil d'fuigheall?*

A Credim eséirghe na feola, & an bheatha shuthain.

107. *Creud an tadhbhear as a gcuirthear an ceandsa an admhail an credimh?*

Ioudas, go dtabharthaoi rabhadh dhuinn na-

ch ſin talmhainſe ata ar naoibhneas, & ar nardſhonas neach is dupalta toradh, & tarbha athios: ar tús ata maid ar ar dteagaſg as ſin gurab amhail deoradha iſin atreobhtha dhúnn an domhanſa, jondas gombimis do ghnath ag ſmuaincadh adtjomchiol jmjrge, & gan ſinde do legean dar gcroidhibh ambeth ar na n'imſhilleadh le himneadhaibh talmhaidhe: jna dhiaidh ſo ge bé ar bioth cor ar a bfuilan'ainmhſhios dúinn fós, & abfolach ar ſúilibh toradh an ghráſa do chomhthoirbheradh dhuínn agcrioſd, gan ſin ar anadhbhar ſin do cháll ar meſnighe, ach ſind dſhuilang go foighidneach go ſoich lá an fhoillſighe.

108. *Achd Cia bhus ordughadh de n'eſerghefe?*

An lion do bhadar marbh roimhe ſin aithghébhaid arís a gcuirp fein: aghon, na cuirp chéna do imechradar, achd ar mbeth dhoibh qualiteadh no cájleadh nuaidhe aca: aghon, gan a mbeth ni ſia faoi bhás no thruailaidheacht, acht an lion bhias béo and ſin tóigheobhaidh Dia anairde jád go miórbhuileach le luath chlaochlodh.

109. *Achd ambí ſi coitchiond dona daoimbh diadha, & dona daoinibh aingidhe maraon?*

Ata an én eſerghe vile aca, acht biaidh aſtaid, no agcor contrairdha; oír aithéreochaidh ele dibh go ſlánughadh, & ſonas, an ele go bás, & truaidhe imalaighe.

110. *Creud maſeadh fa gcombluaidhthear and ſo an bheatha ſhuthain de'nchuid, & gan i-cmrádh ar ifreand?*

Ar ſon nach faghar ní ar bioth and ſo, ach

ní

ní bheanas ré comhfhurtacht na nanaonmand Diadha: ar an adhbhar sin aithriftear, amhain na tioghlaicte, & na tuillidh do roimhullmhaigh Día da fheruontaibh fén: & ar sin nj cuirthear les an crandchar, & an míamhantar, ata ag fetheamh ar na dáoinibh aingidhe, neoch is aithnidh dúinn a mbeth amuigh ina nallmharachaibh O ríoghacht Dé.

DOMH. 18.

111. *Thuigmid an fundament ar an dleaghar an credeamh do ſouidiughadh, is ullamh, & is uraſa definition an chredimh fhirindigh do tharraing as ſin?*

Is amhlaidh ſin ata: & is amhlaidh is ceadaigheach adehfiniughadh, joudas go nabram gurab fios, & eolus dérbhtha daingean deagh thoile aithreamhla Dé oraind é: amhail fiadhnaſeas é trés an Soiſgel abheth fén ino athair, & jna ſhlanaightheoir dhuinn tré deaghthuilleanas CHRIOSD.

112. *In vainn fén do choimpir, & do gen ſind an credeamhſa, no o Día atamaid da fhaghail?*

Ata an ſcriorhtur ag teagaſg gurab tioghlacadh oirrdherc Dé é, & ata experiens, no fiondachtain fén agdearbhadh anech ſin.

113. *Creud an experiens ader tú riem?*

Ar ſon, umaro, gurab aimghére ar naigneadh jno dho fhédadh ſé gliocas ſpiortalta Dé do ghabhail, & tuigſe, neoc fhoillſighthar dhuinn tré chredeamh: & gurab vllmha thende ar gcroidheadha go neamh dhó chus jno go hand

de

dóchus do dheánamh jondaind fén, & agcreatuirebh ele go haimideach, ino do ghabhail fhoſa da ndhéóin an Dia, achd is é an Spiorad naomh le ſhoillſeochadh fein ata ag'ar ndénamh aibél do thuigſe na netheadh, do rachadh ar modh ele go ſhada tar no ôsciond ar dtuigſe. & iſé ata ag'ar bfhoirmthadh, & ag'ar gcoimhdhénamh go dearbh dhochus daingean ag ſélughadh gealta an tſlanaighe jnar gcroidhibh.

114. *Creud do mhaith ergheas duinn as an gcredeamhſa ar mhreth dhuinn cin vair air?*

Ata ſé ag'ar bfeirenughadh abfiadhnaiſe Dé, & ata ſé ag'ar ndeanamh jnar noighreadhaibh ar an mbeadhaidh ſhuthain les an bfhírenughadhſa.

115. *Creud ané nach firenaighthar daoine le téacht adtir go diadha naomhtha nemhchiontach an tan do ni'd ſtuidér, & dicheal ina ndearbhadh fén do Día?*

Da bfaghthaoi a chomfhoirfe do neoch ar bioth do fhédfuighe abhreathnughadh a bheth ina fhírénach go tuilteanach, acht ar bfhaicſin go bfhuilmid inar bpeacachaibh ciontach ar a lán do modhaibh abfiadhnaiſe Dé, is jniarrtha dhuinn diongmhaltacht do thaobh ele do fhédfidh ar ſiothchanchadh rioſan.

DOMH. 19.

116. *Achd ané go bfuilid vile oibrighe dhaoine comhſhalach, & ni is mó gan mhaoin do ſhuim no do luach, jondas nachfedaid grás no fobhar do thuilleadh: abſiadhnaiſe Dé?*

Ataid, & ar tús gach vile obair ſhuidheas vaind,

ind, jondas go nabarthaoi ar ngniomhne ris go hairidhe, ni tualaingid maoin, achd neamhthaitneamh le DIA, & ambeth arna dteigean vaidhe tar a'nais.

117. *Ader tu maſeadh res anám an aithbherthear, & an aithfhoirmthear ſind le Spiorad Dé, nach dtualaingeam maoin, acht peacnghadh amail nach diubhair an droch craebh, achd droch mheas, & toradh vaithe?*

Is amhlaidh ſin ata ar gach aon chor: oir da bhréaghacht brat ar bioth, & ſcáile da mbía aca a ſúilibh daoine, gidheadh ataid olc an gcéin bhuſolc an croidhe ar a bfuil DIA os an'vile ag amharc.

118 *Ata tu ag tionol as ſo nach bfhédmid dul ré ndia le tuilteanas no a dheaghmhaitheas do ghreandnghadh: ach gurab mhó gach ní da n'aidherbheam, & gabhmaid do laimh, nach deandaois maoin acht afheargſon dfadodh, & do las adh nj is mo, & ni is mó jnar n'aghaidh?*

Is mar ſin thuigim ar an adhbhar ſin da ſhaor thrócaire ſén gan ſhechain inar noibrighibhne ata ſe ag'ar ngabhail, & ag'ar ngrádhughadh agchrioſt agabhail a ſíréntachtaſon do bheth inar bſhíréntachtne, amhail do budh lind ſén í, gan ar bpeacaidh dagra oraind no do chombaireamh dhuinn.

119. *Ciondas maſeadh ader tú ar bſhirénughadh le credeamh?*

Aderim ſin ata, an tan do ghebham gca itha an thoſgél le dóchus daingean an chroidhe atamaid

ar

ar chor égin ag breth ar an bſ hírèntachtſa aderim.

120. *Is é ſo maſeadh is ail leat. amhail tairgthear, & furailtear an fhirèntachtſa O Dhia trés an Soiſgel gurab amhlaidh ſin is jnghabhtha dhuínne í?*

Is amhlaidh ſin fein do b'ail liom.

DOMHNACH. 20.

121. *Acht ó nám jnar ghabh Día ſind go grádhach, ané nac toileamhail les, & nach é beatha na noibrigheadh do niam aige, ar mbeth don Spiorad Naomh aga ndirgheadh?*

Is toileamhail les jád, & tigid ris an mhéd gurab diongmhalta les an gabhail chuige go láor, & nj le tuillteanus an diongmhaltachta fén.

122. *Acht an'uair tigid amach on Spiorad naomh, ané nach feddaid fobhar do thuilleadh?*

Ge tigdis amach uaidhe, gjdheadh ata méd egin do ſhalchar ó anmhſainde na féola arna mheaſgadh jonta le ſalchar, & le dtrnaillthear jád.

123. *Cia vaidhe, & ciondas do ujthear, iondas go dtaitnaid le Día, & gurab é ambeatha aige?*

Is é an credeamh amhain, a'neoc fhédas fobhar do choſnamh dhoibh, an tan leagas ſind ar gcudtrom ar an dóchaſa, nach dtigdis go cúntus an'ardiagha; an mhéd nach randſaigheadh Día jád do rér tinde, & cruas a rjaghla: acht ar bhf holach alochta. dó, & ar gtomhjothlacadh a ſhalchair le gloine Chriotd go mbédis aige lſin aitſin, & go meaſand ſé jád, amail do bhédis forrſe, ceart go huilidhe.

124 *Acht*

124 *Acht adtionoileam dhe ſin Crioſdaidhe d'fírenachadh le hoibrighibh dés a bheth ar na ghairm ó Dhia, jnoſhaghail le tuillteanas a oibrighthe, jondas gomadh jonmhuin le Día é, neoch is é a aojmhaneas, an bheatha ſhuthain dúinn?*

Ni tionoileam choidhche: ach gomadh mó choindeobham againd a'ní ata ſcriobhtha; nach bhfédfuighe duine truaillidhe dhfírénachadh abhfiadhnaiſe Dé: vime ſin is jonghérghuidhe dhvínn gan é do dhul ambreatheamhnas maille rind.

125. *Gidheadh ni breathnocham ar aſhon ſin oibrighthe maithe na ndaoine gcredeamhnacha do bheth neamhtharbhach?*

Ni breathnocham cheana: oír ni diomhaoíneach ata Día a gealleadh tuillmhidh, & tuarasdail doibh iſin mbeathaidhſe, & iſin mbeathaidh ata ag teacht, gidheadh is ó ſhaór ghrádh Dé (amhail as tobar) ata an tuaraſtalſa ag brúchtadh, & ag ſileadh an méd; umro; go bfuil ſe ar tús ag'ar ngabhail jnar gcloind dó féin: ina dhiadh ſo ar gcomhiodhlacadh, & ar gcur cuimhne ar lochtne ar gcúl, ata ſe ag leanmhuin, & agrádhughadh na n'oibrightheadh tig vainde le ſobhar.

126. *Acht ané go bhfédír an fhírénachtſa, amhail dó ſcaradh ré deaghoibrighibh, jondas go mbíadh ſiſe ag neoch bheas jna bfheigmhaiſan?*

Ni fhéd ſo a bheth: oír an vair do ghébham Criosd maille re credeamh, amhail thairgheas, & fhuraileas ſe é ſén duínn ata ſe do ghéalladh duínn ni he amhain ſaórtha, & ſúaſgaidh on bhás, & ar ſióthchanachadh re Día,

acht maille ris sin grás agas neart an Spiorad naomh le ndiongantar ar n'aithbhreth go naoidheacht beathadh: is égin na nethese do chur abhfochair achéle muna b'ail lind CRIOSD do tharraing O chéle.

127. *Leanaidh Dhe sin gurab é an credeamh an fhreámh, & an bun as adtigid, & abhfáfaid an'uile dheagh'oibrigthe, ata an oireadsa maseadh vaide, & do bfaada les ar ngairm tar ar n'ais O Sluiderson?*

Is amhlaidh sin ata ar gach én chor, & js ar sin ata vile theagasg an tsoisgel arna comhchongmhail isin da chuidse, aghon, agcredimh, & an'aithridhe. DOMHNAC. 21.

128. *Creud í an aithridhe?* Michédsaidh, & neamhthoil, & suath peacaidh. agas gáol jondracais ag teacht O éagla Dé neoch threoraigheas leo go soich ar n'aicheodh fén, & marbhadh ar bhféola iondas go dtoirbheram sind fén dar riaghladh le Spiorad Dé, & go gchomhullmhaigheam vile ghniombatrdha ar mbeathadh go humhlacht athoilesón.

129. *Ach do b'e so an dara cuid do bi is in randadoracht do chuireamar sios ar tús an tan do bhadhais ag nochtadh modha onoraigh Dé go hiomchuibhaidh?*

Is fior gurabé, & do chuireadh les maraon gurab é so an riaghail fhirindeach laghamail d'adhradh Dé, sind do fhreagra, & d'umhlughadh da thoil.

130. *Ciondas sin?*

Ar son gurab é so sadheoidh an t'adhradh thaiteonas, & tig ris, ni he anti do chithear dhvinue do chomhchuma, acht anti do chuir sé romhaind, & do roimhscriobh sé le deaghthoil diúnn.

ADTIMCHIOL AN LAGHA.

131. *Acht creud an riaghail do theacht adtir, & do chaitheamh na beathadh tug sé dhuinn?*

Alagh fén.

132. *Creud ata sé do chomhchongmhail?*

Ata sé a coimhsheasamh andá chuid: aga bfuil ag an céd chujd ceathre aitheanta, & ag andara cuid a sé, jondas go bfuil an lagh ag seasamh ar gach én chor an'dech n'aitheantaibh.

133. *Cia is ughdar don rondadorachtsa?*

Dja fén neoch do thoirbhir scriobhtha é an'da thabhail do Mhaoise, & do fiadhnaisigh go menic abhéth arna thabhairt go dech bhfoclaibh.

134. *Creud argument na céd thaibhle?*

Ata si ag labhairt adtimchiol dlighidh na serbhise diadha do Dhia.

135. *Agas an dara?*

Ciondas is jndéanta, & is jnbheanta dhúinn se ndaoinibh, & creud dhligheas sind doibh.

DOMHNAC. 22.

136. *Aithris an céd aithne no an cédcheand don lagh?*

EIST a'ísrael, jsmeie jehouah do dhiadhsa, neoch do threoraigh amach thusa atalamh na heghiphte, ateaghas na serbhontadh: Na biodh aon dona déibh ele agad um fhiadhnaisese.

137. *Anois cuir síos seadh na bhfocal?*

Ar tús ata sé agnathughadh mhec samhla tiondscanta égin gus an lagh go lér: óir an tan ainmeochas sé é sén jna Iehouah; ata sé agabhail córa, & ughdarais chuige sén do chur aithne amach: jna dhiaidh sin do chosnamh fobhair dá lagh sén jnar bhfochairne ata sé acur les gurab é sén ar ndíane: oír is ojread js siu na focailse, & go ngoireand sé ar slanaighthoirne dhe sén, & os airidhe les sind ar an deaghthioghlacadhsa js cneasda dhúinne sa gcuairt sind sén do thabairt jnar bpobal umhal freagarach dhósan.

138. *Acht anj ata arna cur les go prapjna dhiaidh so adtimchiol saortha, & brisde cuinge na daoirse Egyphtigh do bhi arna briseadh, nach ris an bpobal Israelta, & go demhin riosan amhain bheanas é go hairidhe?*

Admhuim gúrabeadh; an méd bheanas ris an gcorp; acht ata gné cle shaortha and, neoch sheasus argach aon duine go coimhchert: oir do shaor, & do theasaire sé sind ó dhaoirse Spioradalta peacaidh, & ó shoiégin, & shoirneart an diabhail:

139 *Creud*

139. *Creud far chuimhnigh ſé a'ni ſin an tan do bail les a luadh adtoſach a lagha?*

Do chum go dtugadh ſé comhrabhadh dhe ínn go mbimis ciontach a neamhbuidhchus ro adhbhal; muna toirbheram ſind ſein go ler do chum a umhiaſon.

140. *Acht creud jarris ſé iſin chéd cheandſa?*

Iarradh ſé ſind do thabhairt a onora ſein dó, jna aonar go daingean, & gan ſind do thabhairt párta ar bioth di do thaob ele.

141. *Cia a onoir airidheſon bhus neamhcheadaigheach do thabhairt do thaobh ele?*

Adghradh no feacadh do dhénamh ris ar ndóchus do chur, & do chomhſhuidhjughadh ánd; eſean d'eadarghuidhe: gach vile ní ſadheoidh jomchubhaidh re mhorghalachtſon do thabairt dó.

142. *Creud far cnireadh an bheagchuidſe les vmſhiadhnaiſheſe?*

Ar ſon nach fhuil ní ar bioth comhfholaigheach, jondas go bfhed ſé abheth a'n'ainmhnós dó, & gurab é ſein ſear feaſa, & bretheamh aſmvaineadh folaigheach; ata ſé acur agcell go bfuil ſé ag jarraidh ni he amhain onora na hadmhala amuigh, acht maille ris ſin fiór dhiadhacht an chroidhe.

DOMH. 23.

143. *Egéam thairis gus an dara céand?*

Na déna grafaint dhuit, jno jomhaigh na netheadh, ata fuas ar neamh, no adtalmhain ſhiós, no n'uiſgeadhaibh faoi thalmhain, na haghair dhoibh, & na géll doibh.

144 *Ano*

144. *Anè go bfuil sé a cronughadh go huilidhe gan iomhaigheadh ar bioth do phaiteadh no do ghearradh?*

Ni fhuil, acht ata sé a cronughadh dhá neth and so amhain, aghon, gan sind do dhénamh seacaidh riu.

145. *Creud as nách ceadaigheach Día do nochtadh le fioghair fhaicseanaigh?*

Ar son nach fhuil maon do chosmhaileas edir an tí is Spiorad shuthain neamhchongmhalaigh, & an fhioghair is truaillighe marbh.

146. *Maseadh ata tú ag breathnughadh go bfuil an égcoir aga dhenamh ar amhorghalachtson, an tan do bhearar aidherbe ar a thaisbenaidh ar an gcorsa?*

Is amhlaidh sin atam ag bhreathnughadh?

147. *Creud an ghné seacaidh no agartha ata and so ar na damnadh?*

An tan jompoidheam sind fein do dhénamh urnaidhe re deilbh no re hiomaigh & thelgeam sind fein siós jna staghnaise, no do bhéram onor di le lubadh na nglún no le comardhaibh ele, amhail do thaisbeanadh Día é fein dúinn leosan.

148. *Maseadh ni he gach aon ghné phaiteoracht no gearrtoiracht ar biodh is jontuicte do bheth arna damnadh les na foclaibhse go huilidhe, acht atamaid arar gcronughadh amhain jomhaigheadh do dhénamh gus an gcriese, jondas go niarram no go nonoraigheam Día jonta no (a'né is jonand go) ngelleam doibh an'onoir Dé no gomichleachtam jad ar chor ar bioth go superstitian*

an no go hiotholacht.

Is fior fin.

149. *Anois creud an chrioch, gus an legfeam an ceandfa?*

Amhail do chuir fe agcéll ifin cheand os ciond gurab é fein an t'aon neoch; da madh égin gélladh. & aghradh is amhlaidh fin anois ata fé ag nochtadh cia an fhoirm dhíreach aghartha do chum go mberadh fé finde ó gach vile fhuperftition no faobhehredeamh, & ó gach vile mhacnafmeanman, no briongloidibh fochtaigh féolamhlá ele.

DOMH. 24.

150. *Ergeam romaind?*

Ata fe acur bagair les: oir is mefe IEHOVA do Dhíafa ata laidir edmhar is mé ata acontughadh aingidheachta na n'aithreach ar an gcloind go foich an treas, & an ceathrughadh na hoghaibh, & na hiaroghaibh don mhuintear aga bfuil imfuath.

151. *Creud as an bfhuil fé ag luadh a Spionadh fein?*

Ata fé a comharrughadh les fin go bhfuil ní is lór do chumhachtaibh aige do fheafamh a ghloire fein.

152. *Creud ata fe do chomharrughadh le fhocal an'éda?*

Ata nach fédand fé fear comhchothruim no comhchomaind d'fhulang do bheth aige: oír amhail do thioghlaic fé é fein dúinn da mhaitheas neamhchriochnaighthe js amhlaidh fin is ail

le

les gurab les fein ſinde gó huilidhe, & js é ſo gloine, & geanmnaidhacht ar n'anmand; a mbeth glan coiſreaca dhoſan, & ag leanmhuin ris, amhail aderear aris aſalchadh le hadhaltras, an tan tegdis ar ſeachran uaidhe, & do bhérdis cúl ris go hiodholacht diabhlaigh.

153. *Cia an ſeadh le ndubhradh ſo a bheth ag dioghailt ajngidheachta na naithreach ar ag gcloind?*

Do chur barr eagla jondaind, ata ſé ag bagar go ngébhand, & go ndénand ſé dioghaltus (ni he amhain) arna daoinibh fein do ní an lócht, acht maille ris ſin go mbed aſſiocht mallaighe maraon.

154. *Acht an dtig ſogo haontadhach ré cert Dé dioghaltus do dhénamh ar duine arbiodh ar ſcáth lochta dhuine ele.*

Da ſmuainmis creud é ſtaid, & coran cinigh dhaona; biaidh an cheſt fuaſcailte: oír atamaid vile do rér naduíre fa mhallachadh, & ni fhuil againd cuís do chur ghearain ar Día, an tan fhágbhus ſé ſind iſin crandcharſa: acht anois amhail ata ſé ag nochtadh aghradha arna daoinibh díadha, ag beandachadh aſleachta: js amhlaidh ſin ata ſé ag imirt dioghaltais arna daoinibh aingidhe ag díthughadh a gcloinde ſan mbheandachadhſa.

155. *Lean romhad?*

Do chum go dtairnge ſé ſind le mhaitheas gradhach chuige fein ata ſé agealladh go rgnathuidheand ſé trocaire gus an mhíle genealach ar

an

an'vile aga bf huil aghradh; agas ata a coimhed a aitheantadh.

156. *An bhfuil sé ag tuigse go mbiaidh nemhcbiontaighe dhuine dhadha jna shlánughadh da uile shliocht gidh aingidhe iad?*

Ni bfuil choidhche, acht ar an gcorsa: go ndoirteand sé amhaitheas sein go soich sin arna daoinib díadha, jondas go dtabhair sé é féin lan do mhaitheas da sliocht maraon ar a scáthsoṅ; nj he amhain acur a necheadh ar an'aghaidh, & ar bpiseach an mhéd bheanas rí'an mbeathaidhse do lathair, ach maille ris sin ag uaomhadh an'anmand, jondas gurab shèdir an'aireamh jna thréd fein.

157. *Acht ni fhaicthear so do bheth do ghnáth?*

Admhuim: oír ata sé a corgmhail anechse saor aige fein, aghon go bf hèd sé é féin do thaisbeanadh go trocaireach an vair is ail les, do chloind na daoine airgidhe, is amhlaidh sin nir cheanhgail sé aghrás comhór le cloind na ndaoine ndíadha, jondas, nach bhfédadh sé an lion dibh is ail les do thelgean vaidhe do rér amhian, & álgais fein, gidheadh ata sé aga themperadh, & aga shuidhiughadh so ar mhódh, jondas gurab f hollus gan an gealiadh do bheth meallta no brégach.

158. *Creud fa bhfuil se and so ag airmiughadh na gcéd ngenealach, & gan é a ndamnaidh na péne ag jomradh, acht trí, no ceathair d'enchuid?*

Dha chur agcéll gurob mo ata ſé fein teand vllamh go daonacht, & go ſémhuidheacht, jnó go gairbhe, & go cruas, amhail ata ſé ag ragha; abheth fein ſochoireach ro vraſa do thabhairt-mhaitheamhnais vaidhe, ach leſg ro mhall do chum ſerge.

DOMH. 25.

159. *Tegeann anois gus an treas aithne?* Na tabhair ainm IEHOVAH do Dhía go diomhaoineach.

160. *Creud is ſeadh dona foclaibhſe?*

Ata ſe a cronughadh ſind do mhichleachtadh anma DE ni he amhain le hethach, ach fós le lughadh gan ſheidhm.

161. *Maſeadh an bhfuil gnáthughadh ar bioth laghamhaill ad tabhairt anma Dé mar mhionda.*

Ata cheana: an tan do bhearar é a hadhbhar cneaſda, aghon, do dhaingniughadh, & do ſheaſamh na firrinde: ina dhiaidh ſo an tan bhías an tſuímſe ag an ghuomhughadh; jondas gurab cneaſda miond do thahhairt do chum ghradha, & tſiothchana jáſachtaighe coinghiollaighe do chumhdach a meaſg daoine.

162. *Ané nach faide téd ſi jno do bhacadh mhiond le bproſánar, & le ſalchar ainm Dé, no le loigheadaighthear a onoir?*

Ar gcur én ghné lughaidh ſiós, ata ſé ag tabhairt tabhaidh generalta dhuinn, gan ainm DE dothabhairt ſcaſta go follus lind, ach le heagla, & le humbla, & gus an gerichſin, jondas gomadh ler go gióireamhail é: oír an mbéd go

bhfuil

bhfuil ainmſon naomhtha dlighear dhínne a bheth arar bhfáicil ar gach én mhodh fuil dhearnam tarcaiſne air, no fuil do bhéram adhbhar tarcaiſne do dhaoinibh ele.

163. *Ciondas do nithear ſo?*

Maſe nach ſmuaineam, & nach laibheoram jna thimchiol fein, na adtimchiol a oibrigheadh ar mhodh ele, ach do chum aghlóireſon.

164. *Creud leanas*

Bagar, le n'abair ſé nach biáidh an tí ghnáthuigheas a ainm go diomhaoin nemhchiontach.

165. *An mhéd go bhfuil ſé ag labhairt a n'áit ele go ndenadh ſé dioghaltus ar lucht briſte a lagha, creud chondajmhthear do bharr and ſo?*

Do b'ail les achur agcéll, les ſin méd ſpéſe ghloire anma fein, do chum go madh curamaidhe bheam jna thimchiol an tan do chithfeam dioghaltas do bheth uſamh da mbriſeadh aoneoch í. Domh. 26.

166. *Eagam gus an ceathrughadh aithne?*

Cuimhnigh lá na Sabboite, jondas go naomhtha tú é: oibrigh re ſé laithibh, & dén hujle ſhaothar, acht is ſe an ſeachtmhadh lá Sabboite Iehouah do Dhía, na dénſe ſaothar ar bith and, na dénadh do mhac, no hinghin, no hóglaoch, no do bhanóglach, no hainmhidhe, no an coigcrioch bheas don taobh iſtoigh dod ghetaibh: oír re ſé laithibh do rinde Iehovah fein, heamh, & talamh, an muir, & an'uile ata janta, acht iſin tſheachtmhadh láſin do ghabh

ié fos, ar sin do bheandaigh Iehouah lá na Sabboite, & do naomh sé é.

167. *An bhfuil sé ag jarraidh oibriughadh re sé taithibh, jondas gongabhmjs tamh an seachtmhadh la?*

Ni bhfuil go huilidhe, acht ag légean shé lajtheadh d'oibrighibh dhaoine, ata ié ag breth an tseachtmhadh lá asda do bheth ordaighthe do chum támha

168 *An bhfuil sé ag toirmeasg gach en tshaothar dhuinne.*

Ata ag an aithnese seadh áiridhe ar leth an mhéd gurab cuid dona sean ceremoneadhaibh coimhéd an támha no an shosa; ar sin do cuireadh ar gcúl é le teachs Chriosd.

169. *Ané go bhfuil tú aga ragha gurab ris na hjudanaib go hairidhe iheanas an aithnese & vime sin gurabadh temporarrdha no sealaigheach é dhen chuid?*

Ata uma'o; an mhed gurab Ceremonialta í.

170. *Creud maseadh ané nach bhfuil mavin do bharr ar an tceremonia fuithe?*

Ata cheana: oír is ar trí hadhbharaibh chugadh a mach í.

171. *Tabhair & jndis damh iad?*

D'ioghrughadh an támha Spioradalta do choimhéd Politia, no ordaighthe oirrdherce na haghaise; dfiondfhuarughadh, & dédromugha lh reata, & thromdhachta na serbhontadh.

172. *Creud ata tú do thuigse trés an támh Spioradalta?*

Turgim

Tuigim gurab vime, thamhmaid o'r n'oibrighibh airidhe fein, jondas go gcriochnaigheadh Día a oibrighthe fein jondaind.

173 *Ach Cía he modh an támasa?*

Masé go gcéfam ar bfeoil fein; aghon, masé go dtabhram thairis ar n'indtleacht, jondas go ngabhernoraighthe find le Spiorad Dé.

174. *Ané fós gurab lór fin do dhenamh gach seachtmhadh lá go chele?*

Ni lór ach do ghnath: oír O do thiondfgeonamaois én uair, is égin, & is jondula dhuínn ar ar n'aghaidh ré huile chúrfa, & fheadh ar mbeathadh.

175. *Maseadh creud as a bfuil lá beachtb no fondraghach ar na ordughadh do fignjughadh, & do chomharrdhughadh a'nechfin mheras duínne rer n'vile bheathaidh?*

Ni hegin ar mhodh ar biodh an fhíorinde do theacht le chéle, & an fiogharr is in vile masé go dtegaid re chéle a bponcaibh égin.

176. *Ach creud as a bfuil an seachtmhadh la arna ordughadh, & arna roimbfcriobhadh ni is mó, jna gach lá ele?*

